Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

11951/22

LIMITE

CO EUR-PREP 22

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (20 agus 21 Deireadh Fómhair 2022) – Dréacht-Chonclúidí |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na dréachtchonclúidí a d'ullmhaigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin.*

# I. AN ÚCRÁIN/AN RÚIS

**An géarú atá ag teacht ar fhogha na Rúise**

1. Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an ngéarú atá ag teacht ar chogadh foghach na Rúise, rud a chuireann síocháin agus slándáil na hEorpa agus an domhain i mbaol.

   Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe diúracáin neamh-idirdhealaitheacha a rinne an Rúis le déanaí ar shibhialtaigh i gCív agus ar fud na hÚcráine.

2. Agus an ráiteas uaithi an 30 Meán Fómhair 2022 á mheabhrú di, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go neamhbhalbh an ionghabháil mhídhleathach a rinne an Rúis ar réigiúin Donetsk, Luhansk, Zaporizhzhia agus Kherson na hÚcráine agus go ndiúltaíonn sí go hiomlán don ionghabháil sin. Mar a tharla i gcás na Crimé, ní aithneoidh an tAontas Eorpach an ionghabháil mhídhleathach sin choíche.

3. Sáraíonn cinntí aontaobhacha na Rúise Cairt na Náisiún Aontaithe d'aon ghnó agus ní thugann siad aird dá laghad ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe. Ní thugann siad bonn dlisteanach don Rúis aon ghníomhaíocht a dhéanamh ar chríoch na hÚcráine. Éilíonn an Chomhairle Eorpach ar an Rúis, i gcomhréir leis an rialú ó Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe, a trúpaí agus a trealamh míleata a tharraingt siar láithreach, go hiomlán agus gan choinníoll, ó chríoch iomlán na hÚcráine agus go staonfaidh sí ó ghníomhaíochtaí hibrideacha ar chríoch na hÚcráine.

4. Is sárú ollmhór ar an dlí idirnáisiúnta iad coireanna cogaidh a dhéantar in aghaidh mhuintir na hÚcráine, a bhfuil fianaise ann ina leith atá ag dul i méid, mar aon le scriosadh leanúnach an bhonneagair shibhialtaigh. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil rún daingean aige an Rúis agus déantóirí uile na gcoireanna a thabhairt chun cuntais. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire iarrachtaí na hÚcráine cuntasacht a áirithiú agus gur iarr sí go mbunófaí Binse Speisialta maidir leis an gcóir fhoghach in aghaidh na hÚcráine. Iarrann sí ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún roghanna a fhiosrú ionas gur féidir triail chóir agus éifeachtach i gcoinne déantóirí na gcoireanna a áirithiú.



PUBLIC

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus le hiomláine chríochach na hÚcráine. I gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe agus leis an dlí idirnáisiúnta, tá a ceart bunúsach féinchosanta á fheidhmiú ag an Úcráin i gcoinne fhogha na Rúise. Tá sé de cheart aici na críocha uile faoi fhorghabháil laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta a shaoradh agus smacht iomlán a fháil an athuair orthu. Feictear don Chomhairle Eorpach gur géarú breise ar an gcoinbhleacht iad bagairtí na Rúise.

6. Tá an tAontas Eorpach gan scáth gan eagla agus seasfaidh sé leis an Úcráin chomh fada agus is gá. Leanfaidh sé de thacaíocht pholaitiúil, mhíleata agus airgeadais a chur ar fáil don Úcráin, lena n-áirítear dá riachtanais leachtachta, agus cuirfidh sé dlús lena freagairt dhaonnúil, lena n-áirítear maidir le hullmhacht don gheimhreadh. Iarrann an Chomhairle Eorpach go nglacfaí go pras an EUR 3 bhilliún de chúnamh macrairgeadais don Úcráin atá fágtha. Iarrann sí ar an gCoimisiún leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an mhargaidh aonair chun tacú leis an Úcráin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú maidir le misean comhairleach míleata de chuid an Aontais a imscaradh mar thaca leis an Úcráin.

7. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach tacú le hatógáil na hÚcráine, in éineacht le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le hinstitiúidí airgeadais. Roimh chomhdháil Bheirlín an 25 Deireadh Fómhair 2022, phléigh an Chomhairle Eorpach rialachas agus maoiniú na n-iarrachtaí atógála, lena n-áirítear coinníollacht.

8. Tá a bhearta sriantacha i gcoinne na Rúise neartaithe ag an Aontas Eorpach. Phléigh an Chomhairle Eorpach na bealaí chun an brú comhchoiteann ar an Rúis a mhéadú a thuilleadh chun deireadh a chur lena cogadh foghach.

**Slándáil an tsoláthair bia**

9. Tá géarchéim dhomhanda bhia tar éis titim amach de dheasca chogadh foghach na Rúise, ag cur isteach ar tháirgeadh talmhaíochta, ar shlabhraí soláthair agus ar thrádáil, rud a chuir ardú as cuimse ar phraghsanna bia agus leasacháin. Leanfaidh an tAontas Eorpach d’onnmhairiú táirgí talmhaíochta de chuid na hÚcráine a éascú trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta agus de rochtain dhomhanda ar tháirgí talmhaíochta agus ar leasacháin a éascú do na tíortha sin is mó atá i ngátar. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis an iarraidh ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe go gcuirfí síneadh le Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe, tionscnamh atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, tar éis na tréimhse reatha a mbeidh deireadh léi i mí na Samhna.

PUBLIC

**Bonneagar criticiúil**

10. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar na gníomhartha sabaitéireachta i gcoinne bonneagar criticiúil, amhail na gníomhartha i gcoinne phíblínte Nord Stream. Freagróidh an tAontas Eorpach ar bhonn aontaithe, diongbháilte d'aon chur isteach a dhéanfaí d'aon ghnó ar bhonneagar criticiúil nó do ghníomhaíochtaí hibrideacha eile. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Uachtaránacht na Comhairle dlús a chur leis na hiarrachtaí chun comhar a éascú i measc na mBallstát chun bonneagar criticiúil a chosaint, agus iarrann sí ar na Ballstáit a n-ullmhacht a neartú, lena n-áirítear tríd an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil a chur chun feidhme go luath.

## II. <u>FUINNEAMH</u>

11. Tá fuinneamh á úsáid ag an Rúis mar uirlis troda chun diongbháilteacht agus cumhacht eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh a lagú. Ní mór leanúint de na hiarrachtaí chun an t-éileamh a laghdú, slándáil an tsoláthair a áirithiú, agus an tionchar a bhíonn ag praghsanna arda ar thomhaltóirí a mhaolú agus ní mór dlús a chur leis na hiarrachtaí sin.

12. I bhfianaise na géarchéime leanúnaí, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir leis na bearta seo a leanas:

- dlús a chur leis an gcaibidlíocht le comhpháirtithe iontaofa chun féachaint le comhpháirtíochtaí a bhunú lena ngabhfaidh tairbhe frithpháirteach, ar comhpháirtíochtaí iad lena n-áiritheofar slándáil an tsoláthair agus a mbeidh praghsanna allmhairiúcháin níos ísle don Aontas Eorpach mar thoradh uirthi, go háirithe trí Ardán Fuinnimh an Aontais, agus leas iomlán á bhaint as neart comhchoiteann polaitiúil agus margaidh an Aontais;

- iarrachtaí a chomhordú chun an chéad séasúr líonta eile a ullmhú;

- tagarmharc nua a fhorbairt lena léireofar ar bhealach níos cruinne na dálaí ar an margadh gáis;

- *pm: aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leachtachta agus ar luaineacht iomarcach sna margaí fuinnimh*

- *pm: idirghabháil shealadach sa mhargadh*

13. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún oibriú go pras ar athchóiriú struchtúrach an mhargaidh leictreachais, agus iarrann sí go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn i dtreo Aontas Fuinnimh iomlán a bheidh ag freastal ar dhá chuspóir cheannasacht fuinnimh na hEorpa agus na haeráidneodrachta.

PUBLIC

## III. SAINCHEISTEANNA EACNAMAÍOCHA

14. Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an staid eacnamaíoch. Tá úsáid an fhuinnimh mar arm ag an Rúis ina hualach ar fhás agus í ag méadú praghsanna. Táimid meáite ar an tionchar ar ár saoránaigh agus ar ár ngnólachtaí a mhaolú.

15. Is é an tosaíocht atá againn na daoine is leochailí inár sochaithe a chosaint agus iomaíochas domhanda na hEorpa a chaomhnú, chomh maith le cothrom iomaíochta agus sláine an Mhargaidh Aonair a choinneáil. Ba cheart na huirlisí ábhartha uile ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a shlógadh chun athléimneacht ár ngeilleagar a fheabhsú. Táimid tiomanta ár bhfreagairtí beartais a chomhordú go dlúth agus táimid réidh chun réitigh choiteanna ar an leibhéal Eorpach a fhorbairt, de réir mar is gá.

## IV. AN CAIDREAMH SEACHTRACH

16. Phléigh an Chomhairle Eorpach caidreamh an Aontais Eorpaigh leis an Áise agus an t-ullmhúchán do Chruinniú Mullaigh Cuimhneacháin AE-ASEAN a bheidh ar siúl an 14 Nollaig 2022. Deis a bheidh sa Chruinniú Mullaigh Comhpháirtíocht Straitéiseach an Aontais le ASEAN a dhoimhniú a thuilleadh agus béim a leagan ar an gceangal comhroinnte atá againn leis an dlí idirnáisiúnta agus leis na noirm agus na caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, chomh maith le béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le leasanna coiteanna a nascann an dá réigiún le chéile i gcomhpháirtíocht sheanbhunaithe. Bhí plé straitéiseach aici chomh maith maidir le caidreamh an Aontais Eorpaigh leis an tSín.

17. Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar na hullmhúcháin do Chomhdháil 2022 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide in Sharm El-Sheikh (COP27), agus leag sí béim ar a phráinní atá sé an fhreagairt dhomhanda a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil aeráide i bhfianaise eachtraí adhaimsire atá ag éirí níos déine agus níos minice, lena n-áirítear tonnta teasa, falscaithe agus tuilte, ar fud an domhain. Roimh 15ú Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (Cuid a Dó) i Montréal, d'iarr an Chomhairle Eorpach freisin go nglacfaí creat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020 a bheadh uaillmhianach, cuimsitheach agus claochlaitheach chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú.

PUBLIC

---